C/2024/1119

25.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11408 – SPIE / ROBUR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1119)

1. An 18 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— SPIE SA ('SPIE', an Fhrainc), ar cuideachta phoiblí í atá liostaithe ar Stocmhalartán Pháras,

— ROBUR Industry Service Group GmbH ('ROBUR'), atá faoi úinéireacht ROBUR Industry agus Building Service Group GmbH, an Ghearmáin.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tacaíonn SPIE le custaiméirí maidir le foirgnimh, gléasraí agus bonneagair a phleanáil, a thógáil, a oibriú agus a chothabháil sna réimsí gnó seo a leanas: Seirbhísí teicniúla in (i) Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreach, (ii) Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, (iii) Bainistíocht Saoráide Teicniúla agus (iv) Líonraí Tarchurtha agus Dáileacháin,

— Soláthraíonn ROBUR seirbhísí tionsclaíocha agus comhairliúcháin sna tionscail gaoithe, uisce, fuinnimh, tionsclaíochta agus próiseála, lena n-áirítear seirbhísí aistrithe fuinnimh, seirbhísí cothabhála meicniúla, leictriteicniúla agus leictrimheicniúla chomh maith le seirbhísí claochlaithe dhigitigh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11408 – SPIE / ROBUR

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË